Docusign Envelope ID: 426FFF72-C994-40F9-A3A1-0CC6EB405141

# Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

## Ráiteas Rialaithe

Thar ceann Bhord Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta admhaím an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á oibriú agus á choinneáil.

Ní féidir leis an chóras ach cinnteacht réasúnach agus ní cinnteacht iomlán a thabhairt go mbeidh cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaraithe agus á dtaifeadadh go cuí, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhair nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Glacann an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí:

- *Shainmhíniú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí bainistíochta;*
- *Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní an chomhlachta a chosaint;*
- *Chultúr freagrachta a fhorbairt feadh gach leibhéil de chuid an chomhlachta.*

Tá próisis bunaithe ag an Bhord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- *Chineál fairsinge agus impleachtaí airgeadais rioscaí a bhaineann leis an chomhlacht a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a bhreithnítear a bheith inghlactha;*
- *Measúnacht ar dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta;*
- *Obair go dlúth le hÚdarás na Gaeltachta agus leis An Chomhairle Ealaíon chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna an chomhlachta agus go bhfuil tacaíocht ann do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.*

Docusign Envelope ID: 426FFF72-C994-40F9-A3A1-0CC6EB405141

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- *Córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn Bord an chomhlachta;*
- *Athbhreithnithe rialta ag Bord an chomhlachta ar thuairiscí airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhfhaisnéisí;*
- *Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;*

Tá Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí á soláthar tríd an Údarás de réir an Chóid Fhrámaíochta um Scothcleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. Tá sé socraithe go gcuirfidh obair na Seirbhíse sin san áireamh an anailís a dhéantar ar rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar an gcomhlacht agus cuirfear moltaí na Seirbhíse san áireamh de réir mar is cuí.

Bíonn obair na Seirbhíse Iniúchóireachta Inmheánaí, Choiste Iniúchta an Údaráis a mhaoirsíonn obair na Seirbhíse sin agus bainisteoirí eile san Údarás atá mar stiúrthóirí ar an chomhlacht freagrach as forbairt agus stiúradh an chomhlachta, agus ráitis arna ndéanamh ag Iniúchóir an chomhlachta, mar bhonn eolais don Bhord agus é ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2025.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

DocuSigned by:

Siubhan Nic Grianna

A2AE661E2043408...

Siubhán Nic Grianna
Cathaoirleach
Dáta: 17/1/2025